Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022
(OR. en)**

**9573/22**

**CDR 62**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. An 24 Eanáir 2022, i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Henk STAGHOUWER, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.[1]

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Henk STAGHOUWER, mhol Rialtas na hÍsiltíre[2] Johan HAMSTER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Lid van de Gedeputeerde Staten van de provincie Groningen (‘Gedeputeerde’)* (Comhalta d’Fheidhmeannas Cúigeach Chúige Groningen (Aire Réigiúnach)), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023.

[1] 5860/22.
[2] 9487/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 9500/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.